Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2408

16.9.2024

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2408 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Meán Fómhair 2024**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le boird ardaithe, innealra crécharta, craenacha agus tacair doirse do choisithe a oibrítear le cumhacht**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

Ag féachaint do Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2006/42/CE, innealra a mhonaraítear i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil an t-innealra sin i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

(2) Le litir M/396 an 19 Nollaig 2006, chuir an Coimisiún iarraidh faoi bhráid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN) agus Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) ('an Iarraidh') go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2006/42/CE, agus go gcuirfí an obair ar na caighdeáin sin i gcrích, ionas go gcuirfí athruithe san áireamh a tugadh isteach leis an Treoir sin i gcomparáid le Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Ar bhonn na hIarrata, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, ar caighdeáin iad ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún ([4]): EN 1570-1:2011+A1:2014 agus EN 13557:2003+A2:2008. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe athbhreithnithe seo a leanas: EN 1570-1:2024 agus EN 13557:2024.

(4) Thairis sin, ar bhonn na hIarrata, rinne CEN leasú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, ar caighdeáin iad ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún: EN ISO 3164:2013 agus EN 16005:2012 agus an ceartúchán a rinneadh air, EN 16005:2012/AC:2015. Dá thoradh sin, glacadh caighdeán comhchuibhithe leasaitheach EN ISO 3164:2013/A1:2024 agus caighdeán comhchuibhithe comhdhlúite EN 16005:2023+A1:2024.

(5) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe sin an Iarraidh.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
([2]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/42/oj.
([3]) Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hinnealra (IO L 207, 23.7.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/37/oj).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 194, 2.8.2023, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1586/oj).

(6) Comhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas na ceanglais sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2006/42/CE: EN 1570-1:2024, EN ISO 3164:2013 agus an leasú a rinneadh air EN ISO 3164:2013/A1:2024, EN 13557:2024 agus EN 16005:2023+A1:2024. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt do na caighdeáin sin agus na leasuithe a rinneadh orthu a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2006/42/CE. Maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE, chun a áirithiú go ndéanfar iad uile a liostú in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1570-1:2024, EN ISO 3164:2013 agus an leasú a rinneadh air EN ISO 3164:2013/A1:2024, EN 13557:2024 agus EN 16005:2023+A1:2024 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(8) Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1570-1:2011+A1:2014, EN ISO 3164:2013, EN 13557:2003 +A2:2008 agus EN 16005:2012 agus an ceartúchán a rinneadh air EN 16005:2012/AC:2015, ós rud é gur athbhreithníodh nó gur leasaíodh iad, is gá iad a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586.

(9) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí oiriúnú a dhéanamh ar a n-innealra a chumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe EN 1570-1:2011+A1:2014, EN ISO 3164:2013, EN 13557:2003+A2:2008 nó EN 16005:2012 agus an ceartúchán a rinneadh air, EN 16005:2012/AC:2015, is gá tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a chur siar.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 a leasú dá réir sin.

(11) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tugtar le fios le comhlíonadh an chaighdeáin sin go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn ón 16 Márta 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I gCuid a Trí d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1586, leasaítear pointe 2 mar a leanas:

(1) scriostar rónna 132, 182, 423 agus 514;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

| | |
|---|---|
| '132a. | EN 1570-1:2024<br><br>Ceanglais sábháilteachta le haghaidh boird ardaithe - Cuid 1: Boird ardaithe a fhreastalaíonn ar dhá lamairne sheasta'; |
| '182a. | EN ISO 3164:2013<br><br>Innealra crécharta - Measúnuithe saotharlainne ar struchtúir chosanta - Sonraíochtaí maidir le toirt lena gciorraítear sraonadh (ISO 3164:2013)<br><br>EN ISO 3164:2013/A1:2024'; |
| '423a. | EN 13557:2024<br><br>Craenacha - Feistí rialaithe agus stáisiúin rialaithe'; |
| '514a. | EN 16005:2023+A1:2024<br><br>Tacair doirse do choisithe a oibrítear le cumhacht - Sábháilteacht le linn úsáide - Ceanglais agus modhanna tástála'. |